# Cód Iompair
# Gaelscoil Uí Chéadaigh

## Sonraí Scoile

| | |
|---|---|
| **Ainm na Scoile:** | **Gaelscoil Uí Chéadaigh** |
| **Seoladh:** | Bóthar Vevay<br>Bré<br>Co. Chill Mhantáin |
| **Uimhir gutháin:** | 01 286 5044 |
| **Ríomhphoist:** | oifig@gaelscoiluicheadaigh.ie |
| **Suíomh na Scoile:** | www.gaelscoiluicheadaigh.ie |
| **Catagóir:** | Gaelscoil le éiteas Caitliceach |
| **Uimhreacha ar rolla:** | 213 |

**Is féidir dea-iompar a fhoghlaim.**
**Is í aidhm bhunúsach an chóid seo ná go mbeadh páistí freagrach as a n-iompair féin mar thoradh de chomhoibriú agus le tacaíocht ó na páirtithe uile.**

## Réamh Ráiteas

Is mian le Gaelscoil Uí Chéadaigh go mbainfidh na páistí taitneamh as an oideachas, go bhfoghlaimeoidh siad scileanna sóisialta agus go mbeidh spéis san oideachas cothaithe iontu don todhchaí. Cuirtear an bunoideachas seo ar fail trí mhéan na Gaeilge. Bíonn béim i gconaí ar fhorbairt an páiste le linn a t(h)réimshe sa scoil. Tá an cód bunaithe ar an ndea-iompair a fhoghlaim agus a chur chun cinn agus tá sé bunaithe ar leasa gach páiste, le cearta don oideachas do chách.

Tá comhoibriú agus tacaíocht na dtuismitheoirí riachtanach chun ardchaighdeán iompair a bhaint amach.

## Bunphrionsabail

- Soléire a chur ar fail do chách
- Dearbhú go bhfuil iompar gach duine tábhachtach
- Dul chun cinn éifeachtach agus sábhailte na scoile a chothú
- Féin mhúinín gach páiste a fhorbairt agus an dea-iompair a fhorbairt
- Forbairt na freagrachta agus an féin smacht sna páistí bunaithe ar mheas, ar chaoinfhulaingt agus ar thuiscint d'éagsúlaíchtaí
- Le hoideachas agus le forbairt gach páiste a éascú
- Leochaileacht oideachais mothuchánacha agus sóisialta a aithint agus a chur san áireamh
- Caidrimh dearfacha a thógáil le comhmheas agus comhthuiscint I measc na bpáistí, na foirne agus na tuismitheoirí
- Ní hionann an dá pháiste agus déantar eisceacht anois is arís dá bharr
- Tuiscint go bhfuil caidrimh an-tábhachtach le comhbhá agus le comhrialiú a fhoghlaim
- Cabhrú leis na páistí / daoine óga fás aníos ina saoránaigh freagracha, gníomhacha
- An teacht aniar a theagaisc agus a fhorbairt
- Cúram don imshaoil a fhorbairt

## Ár dTuiscintí

- Tá an teaghlach lárnach sna toscaí a mhúnlíonn iompar pháistí
- Téann cailíocht na gcaidreamh i bhfeidhm ar iompar
- Tá brí le iompar. Tá feidhm leis agus spriocanna ag baint leis ach b'fhéidir go mbeadh sé deacair na spriocanna seo a aithint.

- Is féidir iompar a fhoghlaim. Cialaíonn sé seo go bhféadfar athrú
- Tarlaíonn iompar taobh istigh de chomhthéacs áirithe agus i ndáil le daoine eile. Is bunás do iompar a thuiscint, an comhthéacs a thuiscint
- Tá ríthábhacht ag baint leis an méad a ndéanann múinteoirí, daoine fásta eile agus páistí eile mar fhreagairt d'iompar an pháiste
- Tá dlúthbhaint ag teagasc agus foghlaim atá éifeachtach, ar dhea-iompar

## Nithe a théann i bhfeidhm ar iompar

- Aois agus céim forbartha an pháiste
- Pearsantacht agus meon
- Stair phearsanta agus taithí
- Tréithe fisiceacha, céadfacha, leighis, mothuchánacha.
- Scileanna, cumas foghlama
- Nithe a chreideann an pháiste faoi (fúithe) féin agus faoi dhaoine eile
- Stuamacht
- Féinmhuinín
- Lionraí sóisialta idir cairde agus piarghrúpaí
- Am, deis agus tacaíocht d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta
- Timpeallacht shábhailte agus chomhbhách a bheith ar fáil laistigh den scoil
- Caidreamh dearfach múinteoir-páiste agus páiste-páiste
- Tuismitheoirí a bheith páirteach go dearfach, gníomhach chun tacú le obair na scoile
- An clár churaclaim OSPS/OCG atá dea-phleanáilte a fheidhmiú
- Aithint na bpáistí go bhfuil deacrachtaí sóisialta, mothúchána, iompraíochta nó foghlama acu

## Iompar a athrú

Is féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí tionchar a bheith acu ar roinnt de na toscaí a bhaineann le hábaltacht an pháiste a iompar féin a athrú. Ina measc tá:

- Inspreagadh
- Spriocanna
- Scileanna
- Cabhrú leis an bpáiste cuimhneach ar am a d'éirigh leis/leí iompar nach raibh cabhrach a athrú
- Tacaíocht ó thuismitheoirí, ón dteaghlach, ón mhúinteoir(í), ó dhuine fásta eile, ón bpiarghrúpa
- Béim ar an iarracht
- Córas duaiseanna ranga
- Gradam na Nollag, na Cásca, an tSamhraidh don dea-iompar/cur chuige
- Plean iompair a réiteach do pháistí le deacrachtaí iompair

## Caighdeán Iompair

Is iad seo na Luachanna a léiríonn na caighdeáin:

- Meas orm féin agus ar dhaoine eile
- Cineáltas agus toilteanas cuidiú le daoine eile
- Cúirtéis agus dea-bhéasaíocht
- Macántacht
- Ullamh bealaí urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlint a réiteach
- Dea-iompar sa rang chun deis foghlama a thabhairt do gach páiste
- Cabhrú le atmasféar dearfach sona a chruthu sa scoil.
- An scoil a choinneáil glan, néata, le bród

- Meas ar mhaoin dhaoine eile.
- Gaeilge a labhairt i gcónaí i dtimpeallacht na scoile agus ag imeachtaí scoile
- Tinreamh rialta
- Poncúlacht
- Freagracht as obair bhaile de ard-chaighdeán a dhéanamh
- Maithiúnas

## Dea iompair a dhearbhú

Cothaíonn atreisiú dearfach iompair le féin smacht agus tá béim níos mó sa scoil ar spreagadh, ar fhoghlaim an dea-iompair agus ar aithint an dea-iompair seachas ar smachtbhannaí.

## Stratéisí chun dea-iompar a chothú

- Coinnítear rialacha go dtí an méid is lú, le béim ar an iompar dearfach agus cuirfear aois agus difríochtaí aonair san áireamh
- Léiríonn na daoine fásta an t-iompar a bhfuil dúil leis ó na páistí
- Tá na caighdeáin soiléir agus comhsheasmhach asgus tuigtear go forleathan iad
- Beir ar na páistí ag déanamh an rud ceart
- Ionchais arda sa scoil go n-iompróidh na páistí iad féin ar ardchaighdeán
- Na tuismitheoirí a bheith páirteach go gníomhach
- Cultúr dearfach comhchaidrimh idir múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí agus timpeallacht shábhailte agus chomhbhách a fhorbairt laistigh den scoil
- Idirghabálacha dearfacha laethúla idir na múinteoirí agus na páistí
- Tacaíocht agus feidhmiú do churaclam OSPS/OLG atá dea-phleanáilte, comhsheasmhach agus comhtháite chun scileanna déileála, solúbhthachta agus fadbréitigh a fheabhsú
- Deis ag na páistí na rialacha ranga a chumadh leis an múinteoir

- Grinn bhreathnú an mhúinteora agus foireanna na scoile chun tacú le haithint luath na páistí a bhfuil deacrachtaí acu
- Plean iompar a réiteach de réir riachtanais an pháiste
- Páistí a ghríosadh agus roinnt scileanna a thabhairt dóibh bheith páirteach i ngníomhnaíochtaí seach-churaclaim
- Éiteas scoile a chothú a ghlacann le agus a bhfuil luach aige ar an ilchineálacht laistigh de phobal na bpáistí
- A bheith airdeallach ar mhí-bhuntáiste agus ar éagsúlacht
- Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus don fhoireann ar na tacaí atá ar fáil dóibh sa phobal
- Cainteanna a eagrú do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí cur leis an t-eolas atá acu ar Bhulaíocht, ar Fholláine agus ar Aireachas
- Duaiseanna a bhronnadh ar bhonn ranga agus ar bhonn scoile. Gradam scoile na Nollag, na Cásca agus an tSamhraidh. Tá sé tábhachtach gur féidir le páiste ar bith na duaiseanna a bhuachaint agus go mbeadh sé sin soiléir dóibh.
- Tuairiscí dearfacha ó bhéal agus i scríbhinn a chur ag tuismitheoirí
- Comhréireacht ar fud na foirne teagaisc
- Sprioc Chartaí bunaithe ar an dea-iompar
- Múineadh na scileanna atá riachtanach don dea-iompair

## Treoirlínte Ginerálta don Dea-Iompar

- An Ghaeilge a labhairt i gcónaí i dtimpeallacht na scoile
- Freastal ar scoil go rialta agus a bheith poncúil
- Cineáltas a thaispeáint duit féin agus do dhaoine eile
- Oibriú go dian sa rang
- Freagracht a ghlacadh as do chuid obair scoile agus bhaile
- Cabhrú le timpeallacht dhearfach, shábhailte a chruthú

- Meas a léiriú ar pháistí eile agus ar a gcuid foghlama
- Meas a léiriú ar fhoireann na scoile agus comhoibriú leo
- Bheith ionraic
- Páirt a ghlacadh i ngíomhaíochtaí scoile
- Aire a thabhairt do throscáin agus do thimpeallacht na scoile
- Bheith ag súgradh go deas sa chlós
- Éide scoile a chaitheamh gach lá seachas nuair a cheadaítear a mhalairt
- Ní glactar le bulaíocht
- Meas a thaispeáint ar mhaoin dhaoine eile.

## Ag Freagairt don iompair míoiriúnach

An cúis le smachtbhainnaí agus leis na stráitéisí eile ná chun an dea-iompair a chur chun cinn agus cur in aghaidh an mí-íompar. Beidh cur chuige seasmhach i bhfeidhm ag braith ar an iompar le aird ar aois agus forbairt mothúchánach an pháiste. San áireamh tá:

- Atmaisféar ciúin a cruthú chomh luatha agus is féidir
- Plé leis an bpáiste
- Casaoid ó bhéal le comhairle ar conas feabhsú
- Labhróidh an múinteoir leis an bpáiste/bpáistí. Déanfar é seo go ciúin nó ós comhair an ranga, de réir mar is cuí.
- Tarraingeofar pribhléidí siar m.sh. postanna le déanamh.
- Baintear an pháiste den ghrúpa.
- Críochneoidh an pháiste an obair bhaile i rith am scoile.
- Labhairt leis an tuismitheoir go neamhfhoirmeálta.
- Cúntas a scríobh ar an eachtra.
- Litir a scríobh ag cur brón in iúl.
- Seasamh amach sa chlós.

- Plean iompair do pháistí le riachtanais faoi leith.
- Cuirfear nóta abhaile ag cur an drochiompair in iúl do na tuismitheoirí (bileog bán).
- Labhróidh Coiste Smachta na Scoile leis an bpáiste más cuí.
- Labhróidh an múinteoir leis an bpáiste agus leis na tuismitheoirí le chéile.
- Cuirfear an mí-iompar in iúl don Phríomhoide.
- Cruinniú idir an múinteoir, tuismitheoirí agus an Príomhoide.
- Tabharfar bileog bhán do pháistí má bhíonn an mí-iompar leanúnach.
- Má tá 3 bhilleog bhán ag páiste, tabharfar bileog bhuí dó/dí agus má tá 3 bileog bhuí ag páiste beidh fanacht siar i gceist in ndiaidh na scoile. Tabharfar bileog dhearg má tá 3 bhilleog bhuí ag páistí agus beidh sé/sí ar choinneáil ar feadh 3 thráthnóna.
- Scarfar an pháiste amach ón rang nó cuirfear go rang múinteoir eile í/é chun deis foghlama agus macnaimh a thabhairt di/dó.
- Más damáiste atá ann do mhaoin scoile/pháiste eile, íocfaidh tuismitheoirí an pháiste as an damáiste.
- Tuairisc fhoirmiúil chuig an mBord Bainistíochta mar chuid de phróiseas fionraithe nó díbrithe.

Cé go bhfuil na smachtbhannaí in ord ginerálta dáirireachta ní gá go leanfar an t-ord go céimiúil. Caithfear an comhthéacs agus toscaí agus cúlra an pháiste a chur san áireamh.

## Cur chuige réitigh fadhbanna

Gné thábhachtach den thabhairt faoi mí-iompar i measc na bpáistí ná cur chuige réitigh fadhbanna.

Molaimid na céimeanna seo a leanas:

I rith an phróiséis ar fad coinnigh an caidreamh leis an bpáiste chomh dearfach agus is féidir.

1. Cruinnigh eolas. Cuir san áireamh an comhthéacs agus na toscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an iompar. Coiméadfaidh an múinteoir cuntas scríofa ar mhí-iompar leanúnach agus ar eachtraí mí-iompair thromchúiseacha.
2. Déan smaointe a phlé le múinteoirí eile le páistí i ranganna sinsearacha agus le na tuismitheoirí más cuí, faoi réitigh a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Déan iniúchadh ar fhreagraí ar an mí-iompar a thugann aird ar na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith mar chúis leis.
3. Socraigh agus aontaigh leis an bpáiste más féidir, stráitéisí sainiúla
4. Cuir an stráitéis aontaithe i ngníomh go chomhréireach
5. Athbhreithnigh an dul chun cinn, dean meastóireacht ar thionchar agus ar éifeacht na hidirghabhála.
6. Coinnigh an caidreamh leis an bpáiste chomh dearfach agus is féidir.
7. Tá dréimire idirghábhaileacha agus tacaíochta in usáid a thugann:

- Tacaíocht do gach páiste.
- Níos mó tacaíochta do chuid acu.
- Tacaíocht faoi Leith don líon áirithe páistí.

8. Plean iompair a leanacht don líon áirithe páistí.

## Pléascadh Feargach

Uaireannta bíonn leideanna le sonrú go bhféadfadh pléascadh tarlú. Comhairthí fisiciúla ar nós siúl go crosta suas/anuas, pleicíocht le fearas, croitheadh na gcosa, athrú san aghaidh/súile…

## Stráitéisí chun an fonn feirge a laghdú

Cabhrú leis an bpáiste ciúiniú

- Aire a dhíriú ar rud eile
- Fuinse feirge a athrú
- Áit a aistriú

- Áthrú gníomh
- Greann ach gan bheith searúsach
- Cumarsáid - éist leis an bpáiste
- Scíth a ligean, análú go ciúin
- Bheith aireach ar an gcorp agus ar na smaointe agus bheith in ann seasamh siar - cleachtaithe ón obair san Aireachais.
- An mothuchán a aithint sa chorp agus lig dó fuarú
- Tuiscint ar conas mothucháin a aithint agus conas déileáil leo ón gclár OSPS
- Tacaíocht breise scoile don líon áirithe go bhfuil sé uathu.

## Smachtbhannaí

Is é cuspóir smachtbhannaí ná athrú iompair a bhaint amach tré:

- Cuidiú le páiste a fhoghlaim a bheith freagrach as a iompar agus go bhfuil an iompar sin do-ghlactha
- Cuidiú le páiste an tionchar a bhíonn ar a gcuid gníomhartha agus ag a iompar ar dhaoine eile a aithint agus a thuiscint
- Cur isteach tromchúiseach ar theagasc agus ar fhoghlaim a sheacaint
- An pháiste nó an duine fásta a choinneáil slán
- Na páistí a réiteach don saol

Úsáidimid smachtbhannaí ar bhealach ómósach a chabhraíonn le páistí torthaí a n-iompair a thuiscint agus le iad a stiúriú chun an fhreagracht a ghlacadh, an t-iompar sin a athrú.

Ní mór do na smachtbhannaí:

- An teannas a bhaint den scéal, gan é a fhormhéadú
- A bheith tráthúil
- Dínit na bpáirtithe uile a chaomhnú
- A bheith curtha i bhfeidhm ar bhealach cóir comhsheasmhach

## Smachtbhannaí mí-oiriúnacha

I measc na smachtbhannaí mí oiriúnacha tá:

- Pionós fisiceach nó bagairt pionós fisiceach
- Magadh, taircaisne nó focail ghéara a dhéanfadh damáiste do fhéinmhuinín an pháiste
- Náiriú poiblí nó príobháideach
- Ag cur smachtbhannaí i bhfeidhm ar ghrúpaí nó ar rang iomlán i gcásanna a bhaineann le héagóir duine aonair nó grúpa beag
- Ag fágáil páiste i suíomh gan mhaoirseacht
- Aonrú nó ag déanamh neamhairde ar pháiste sa rang
- Smachtbhannaí atá á n-úsáid ar bhealach leatromach

## Fionraithe agus Díbirtí

- Tá údaras ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Chéadaigh páiste a chur ar fionraí. Déanfar gach iarracht tabhairt faoi idirghabháil roimh fhionraí. Ní chuirtear páiste ar fionraí ach amháin i gcás tromchúiseach.
- Mar shampla sa chás:
- Go raibh tionchar dochrach trom chúiseach ag iompar an pháiste ar oideachas na bpáistí eile
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht dá bhfanfadh an pháiste ar scoil
- Go bhfuil an pháiste freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.
- Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina chúis le duine a chur ar fionraí.

## Nósanna imeachta maidir le fionraí agus díbirt

Tagann na nósanna imeachta seo leis na treoirlínte sa cháipéis "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna" atá foilsithe ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais.

Éilíonn an dlí ar scoileanna nósanna imeachta cearta a leanúint i dtaca le moltaí chun páistí a chur ar fionraí nó a dhíbirt.

Tá dhá phríomhchuid i gnáthaimh chóra: an ceart go n-éistfí leat agus an ceart go mbeifí neamhchlaonta i do leith.

Caithfear cúis thromchúiseach a bheith ann chun páiste a chur ar fionraí ar nós na samplaí thuas.

Cuirfear na gnéithe seo san áireamh sula gcuirtear páiste ar fionraí:

1. Cinéal agus tromchúis an iompair
2. Comhthéasc an iompair
3. Tionchar an iompair
4. Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
5. An freagra comhréireach é a chur ar fionraí
6. Tionchar féideartha na fionraí
7. Riachtanais an pháiste

## Nósanna imeachta maidir le fionraí

Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na firicí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr rachaidh an Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta i gcomhairle a chéile.

Cuirfear an pháiste agus na tuismitheoirí ar an eolas, ar an bhfón nó i scríbhinn ag brath ar thromchúis an iompair, maidir leis an ngearán. Tabharfar eolas dóibh ar an gcaoi go ndéanfar an gearán a fhiosrú agus míneofar dóibh go bhféadfaí fionraí á ghearradh dá bharr.

Tabharfar deis do na tuismitheoirí freagra a thabhairt sula nglactar cinneadh nó sula ngearrtar smachtbhanna.

Sa chás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir an pháiste a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sabháilteacht an pháiste, na foirne, nó daoine eile cuirfear fios ar na tuismitheoirí agus iarrfar orthu an pháiste a thabhairt abhaile.

Ní chuirfear páiste ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá de dhíth chun cuspóir áirithe a bhaint amach.

Má bhíonn tréimhse níos faide ná trí lá á mheas caithfear an t-ábhar a ath-threorú chuig an mBord Bainistíochta. Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí ar bith.

## Achomhairc

Is féidir leis na tuismitheoirí cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

## An Fhionraí a chur i nGníomh

Tabharfaidh an Príomhoide fógra i scríbhinn do na tuismitheoirí agus don pháiste maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí.

Dearbhóidh an litir na nithe seo a leanas:

1. Tréimhse na fionraí agus dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí
2. Fáthanna na fionraí
3. Clár oibre le leanúint
4. Socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an pháiste agus na tuismitheoirí a thabhairt

5. Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta

6. Ceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (an tAcht Oideachais 1998 alt 29)

Cuirfear deireadh le fionraí má chineann an Bord Bainistíochta an fhionraí a bhaint ar aon chúis nó má threoraíonn Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoil an fhionraí a bhaint faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998.

Beidh plean ag an scoil chun cuidiú leis an bpáiste ath-imeascadh ina rang. Tabharfar gach deis dóibh tosú as an nua.

## Athbhreithniú ar Úsáid Fionraí

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid fionraí sa scoil ar bhonn rialto chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile agus chun a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

## Díbirt

Tá údarás ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Chéadaigh páiste a dhíbirt ón scoil. Beidh díbirt ina fhreagra comhréireach ar iompar an pháiste. Ní dhéanfar páiste a dhíbirt ón scoil go dtí go mbíonn bearta suntasacha curtha i bhfeidhm chun dul in ngleic leis an mí-iompar lena n-áiritear:

- Bualadh le tuismitheoirí agus leis an pháiste le hiarracht a dhéanamh bealaí a aimsiú le mí-iompar do-ghlactha an pháiste a athrú
- A chinntiú go dtuigeann an pháiste torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh.
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha a chíoradh
- Cuidiú dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí tacaíochta (an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Séirbhíse Sláinte, An Chomhairle Naisiúnta um Oideachas Speisialta).

Caithfear forais thromchúiseacha a bheith ann chun páiste a dhíbirt ón scoil mar shampla sa chás:

Go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an pháiste ar oideachas na páistí eile

Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na pháiste nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an pháiste sa scoil

Go bhfuil an pháiste freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú an-sonrach ar raon tosca nuair atá cinneadh á ghlacadh acu páiste a dhíbirt:

1. Cineál agus tromchúis an iompair.
2. Comhthéasc an iompair.
3. Tionchar an iompair.
4. Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo.
5. An freagra comhréireach an díbirt?
6. An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag díbirt.
7. Riachtanais an pháiste

## Nósanna Imeachta i nDáil le Díbeart

**Céim 1. Imscrúdú sonrach, de réir gnáthamh cóir, faoi stiúr an Phríomhoide**

Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn faoin mí-iompar líomhnaithe, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh ar sin. Tabharfar gach deis do na tuismitheoirí freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh.

**Céim 2. Moladh ón bPríomhoide chuig an Bord Bainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta**

**Céim 3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reachtáil**

**Céim 4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta indiaidh na héisteachta**

**Céim 5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais**

**Céim 6. Dearbhú ar an gcinneadh an pháiste a dhíbirt**

Má chineann Board Bainistíochta Ghaelscoil Uí Chéadaigh páiste a dhíbirt leanfar na nósanna imeachta thuas atá ar aon dul le "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna" atá foilsithe ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais.

## Achomhairc

Is féidir leis na tuismitheoirí cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna.

## Athbhreithniú ar Úsáid Díbeartha

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid dibeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile agus chun a chinntiú go núsáidtear díbirt go cuí.

## Cur i gCrích

- Cumarsáid

— Cóip den chód ar an suíomh idirlíon

— Cóipeanna san Oifig dá mbeadh tuismitheoir á lorg

— Cóip le dáileadh ar thuismitheoirí nua ag an gcruinniú sula dtagann a gcuid páistí chun na scoile

- Tacaíocht a chur ar fáil do pháistí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí

- Monatóireacht leanúnach ar iompar na bpáistí ag amanta difriúla/sa rang/sa chlós

## Frithbhulaíocht

– féach "Polasaí Frithbhulaíochta" Ghaelscoil Uí Chéadaigh.

## Tinreamh

- féach "Polasaí Tinrimh" Ghaelscoil Uí Chéadaigh

Glacadh ag an mBord Bainistíochta i dtosach ar an 05/12/2016

Athbhreithnithe ag an mBord Bainistíochta ar an 13/10/2022 agus ar an 24/11/2022. Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar bhonn rialta.

Sínithe:

**Cathaoirleach**

**Dáta: 24/11/2022**

Sínithe:

**Príomhoide**

**Dáta: 24/11/2022**

| | |
|---|---|
| **Athbhreithnithe:** | Deireadh Fómhair 2022, Samhain 2022 |